# Dunlavin youth orchestra seeks new members

Dunlavin Youth Orchestra is seeking new members. The orchestra has been in the Dunlavin area for well over a decade and has produced many fine musicians. In 2010 into 2011, they are embarking on a new project, with the aim of expanding the orchestra, undertaking new musical challenges and developing a youth executive to assist in running the programme.
The project will take place in Dunlavin on Tuesday nights from 7pm to 9pm during the months of November and December. To register and become a member, contact wao@wicklowcoco.ie

## Dunlavin



CONTACT: MARGARET LYNOTT
TEL: 045 401459

**SYMPATHY**
Sympathy is extended to the Roddy family, Lemonstown on the death of Larry Roddy last week. Larry, who was pre-deceased by his wife Trish, is mourned by his daughters Addy, Kate and Nell, sons Conor, Eoin, Alan and Lar Og, brother Dan, sisters Moya and Ita, and his many relatives and friends. Larry's funeral took place in Hollywood on Sunday November 7.

**ST LAURENCE'S CHRISTMAS FAIR**
A Christmas fair in aid of KARE and St Laurence's will take place in the Community Complex on Saturday 13 November from 7pm to 10pm and on Sunday from noon to 6pm. Interested in a stand? Contact Sheila on 085 1385133 any day after 3pm. Raffle for a fantastic dolls house worth €700.

**DEATH**
The death took place last week of John Coleman, Church Terrace, Dunlavin. John is mourned by his wife Mary, daughters Pauline, Maura, Ashling, sons Jonathan and Sammy, brothers and sisters, relatives and friends. John's funeral took place in Dunlavin on Friday November 5.

**GOLF SOCIETY**
The Dunlavin Inn Golf society results from their outing on Saturday November 6 to Dunmurray Springs are: 1, Andrew Dunne, 2, Johnny Willis, 3, Christy Owens, 4, David O'Toole, 5, Anthony Deering.

**TEA PARTY**
St Nicholas' GAA Club will host an American tea party in the Imaal Hall on November 19 at 8.30pm. Tickets cost €20 and can be had from Linda Darker or Ashling Grace.

**GROUP WATER SCHEME**
The Gormanstown/Usk group water scheme will hold its AGM on November 11 at 8pm in Camphill Community Hall, Grangebeg. All members of the scheme are invited to attend.

# Rubberman contest continues to raise thousands

## Bunclody



CONTACT: BARBARA ANN MURPHY TEL: 087 6736966
EMAIL: BAMBUNCLODY@GMAIL.COM

The 2010 event itself was won by Stuart Murphy and he now carries the heavy title of Irish Rubberman Champion, and as it's the only event in the world of its kind, so maybe we should call him the World Rubberman Champion, while the title of Irish Rubberwoman going to none other than Fiona Bodels.
This this year they raised €26,500, with the Cystic Fibrosis Association of Ireland benefiting to the tune of €20,000 and the other €6,500 going to The Make a Wish Foundation.
Over the years they have raised more than €197,000 for charity

**RACE NIGHT**
Bunclody Vocational School Parents' Council is holding a fundraising race night in the Carlton Millrace Hotel on Friday 19 Novembe. Horses for the race night are now on sale at €10 each. Contact any member of the parents' council or board of management to buy a horse or to sponsor a race or buy an advertisement in the programme.

**ORGANIC GARDENING**
A talk given by Organic Gardening expert Richard Mee entitled 'Organic Vegetables and How to Grow Them' will take place in Bunclody Library on Thursday 18 November at 7pm. All are welcome to attend, however as places are limited and demand is expected to be high, booking is essential. Please contact 053 9375466.

**CHRISTMAS FLOWER ARRANGING**
Come along to a free Christmas flower-arranging demonstration with Helen Battigan in Bunclody Library on Thursday 25 November at 7pm. Please phone the library at 053-9375466.

**BUNCLODY LIBRARY**
The usual events continue at Bunclody Library: storytime for under-sevens takes place on Wednesday afternoons at 4pm.

# Glór Cheatharlach

## Moltóireacht Ghlór na nGael '10

glór na ngael — ag tógáil do phobail le nasc na Gaeilge

Is comórtas bliantúil é Glór na nGael eagraithe ar bhonn imeachtaí na Gaeilge ins na pobail áitiúla. Is é cur chun cinn teanga agus cultúr na Gaeilge príomh aidhm an chomórtais.
Tá Glór na nGael oscailte do gach éinne, daoine ar bheagán Gaeilge agus dóibh siúd atá líofa sa teanga. Is féidir le haon phobal páirt a ghlacadh sa chomórtas seo agus tuairisc a thabhairt ar na himeachtaí Gaeilge a bhíonn eagraithe acu i rith na bliana. Bíonn coiste stiúrtha áitiúil freagrach as plean bliana a chur le chéile agus, tar éis moltóireacht neamhspleách, bronntar duaiseanna agus gradaim ag braith ar an dul chun cinn a bhíonn déanta ag an bpobal.
Tá Baile Cheatharlach ag glacadh páirte i gcomórtas Ghlór na nGael ó thus na seachtóidí agus tá duaiseanna buaite ag an mbaile beagnach gach uile bliain le breis is tríocha bliain anuas. Tá Glór Cheatharlach páirteach arís i mbliana agus thug triúr moltóirí cuairt ar an mbaile le déanaí chun cúrsaí a mheas. Tá Glór Bhalána in iomaíocht i mbliana don chéad uair riamh agus ba léir go deachaigh saothar an choiste i bhfeidhm go mór ar na moltóirí. Fógrófar na torthaí tar éis na Nollag. Ag súil go mbeidh Ceatharlach agus Balána i measc na mbuaiteoirí.

## Sí do Mhamó

Ar mhaith leat páirt a ghlacadh i sraith teilifíse atá bunaithe ar theaghlaigh?
Tá an tsraith nua dar teideal 'Sí do Mhamó' á sheoladh ag RTÉ agus faoi láthair táthar ag cuardach teaghlaigh a bhfuil athrú ag teastáil uatha chun a beith páirteach. Bíonn teaghlaigh ann nach gcaitheann a dhothain ama le chéile, nach mbíonn aon spórt acu nó nach n-éiríonn leo an leas is fearr a bhaint as an mbuiséad atá acu. Seans go bhfuil Super Mhamó ag teastáil chun comhairle a chur orthu!
Tá teaghlaigh á chuardú a bhfuil Gaeilge mhaith acu, atá sásta gach gné dá saoil olc maith nó dona a thaispeáint ar an teilifís agus atá sásta páirt a ghlacadh i ngníomahachtaí teaghlaigh difriúla.
Cuireann an Super Mhamó gaisciúil cúnamh ar fáil dóibh i bhfoirm leideanna agus noda chun an leas is fearr a bhaint as an saol. Taispéanann sí go mion do theaghlaigh chomhaimseartha conas spraoi, cairdeas, luachanna agus níos mó tairbhe a bhaint as an saol. Is deis iontach í seo do theaghlaigh a bhfuil athrú ag teastáil uathu agus atá compórdach Gaeilge a usáid os comhair ceamara.
Má tá suim agat agus má cheapann tú go bhfuil do chlann oiriúnach le haghaidh 'Sí do Mhamó'is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Gráinne Mhic Aonghusa ar grainne@thepicturehouse.tv.



'Sí do Mhamó' sraith nua teilifíse.

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
**Glór Cheatharlach**
Carlow Gateway Business Centre
Bóthar Átha Í, Ceatharlach. (059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

## Bábóg Baby don Nollaig

Tá béirín nua darb ainm Bábóg Baby tagtha ar an saol agus beidh an bréagán idirghníomhach seo ar fáil i siopaí go forleathan an Nollaig seo. Nuair a thug Adrian Devane, fiontraí as Maigh Cuilinn i gContae na Gaillimhe, faoi deara nach raibh a leithéid ar an margadh shochraigh sé an comhlacht Bábógbaby a bhunú. Bhí a iníon Robyn cúpla bliain d'aois agus ní raibh aon bhréagán Gaeilge oiriúnach di ar díol ins na siopaí. Ní raibh ar fáil ach leabhair agus dlúthdhiosca Gaeilge. Thosaigh Adrian ag obair le dearthóir agus chruthaigh siad suíomh idirghníomhach chun taighde a dhéanamh ar an margadh. Thuigeadar sar i bhfad go mbeadh an-éileamh ar thairge dá leithéid agus tháinig Bábóg Baby ar an saol. Tá trí ghradam fiontraithe mór le rá buaite ag an mbéirín cheana féin, dhá cheann díobh sa Ríocht Aontaithe. Lán de mhisneach agus dóchas tá cruthaitheoir Bábóg Baby ag obair cheana féin ar bhréagáin Ghaeilge eile chomh maith le cartún Gaeilge ina mbeidh an béirín ina phríomhcharachtar.
Is beirín iontach gleoite an bréagán ildaite seo atá oiriúnach do bhuachaillí agus do chailíní.
Tá cnaipí daite ar an mbeirín agus is féidir le páistí uimhreacha, dathanna agus cruthanna a chloisteáil as Gaeilge. Is é glór Robyn, atá ceithre bliana d'aois anois, atá ag aithris na bhfocal. Go dtí seo is ar líne amháin atá Bábóg Baby ar fáil agus tá níos mó ná 12,000 béirín ceannaithe ag daoine ar fud na cruinne. Bhí soláthar mór díobh ar sheastán ag Oireachtas na Samhna i gCill Airne le déanaí agus díoladh amach iad laistigh de chúpla lá.
I gceann seachtaine nó dhó beidh siad ar díol i siopaí móra bréagáin mórthimpeall na tíre ar nós Smyths, Toymaster, World of Wonder ar phraghas €29.99. Beidh Bábóg Baby le feiceáil ar an Late Late Toy Show ar an 26 Samhain agus táthar as súil go rachaidh an beirín i bhfeidhm go mór ar Ryan agus lucht féachana.
Is iontach an bronntanas é Bábóg Baby agus cinnte go mbeidh an-tóir ar an mbéirín an Nollaig seo. De réir tuairisce beidh soláthar maith díobh ag Daidí na Nollag. Tá tuilleadh eolais faoi Bábóg Baby ar fáil ag www.babogbaby.com.




Neasa Ní Choigligh agus Gráinne Ní Bhrosnacháin leis an mbéirín Bábóg Baby ag Oireachtas na Samhna.